RIALACHÁN (AE) 2021/1110 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Iúil 2021

lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar aimeatochtraidine, bhicsifeine, feanascuine, spineatoram, teafluitrine agus tíoncarbasón-mheitile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na haimeatochtraidine, na bicsifeine, na feanascuine, an spineatoram agus na teafluitrine, leagadh síos uasleibhéil iarmhar (MRLanna) i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás na tíoncarbasón-mheitile, níor leagadh síos aon MRL i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus ós rud é nár cuireadh na substaintí sin san áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin, tá feidhm ag an luach réamhshocraithe 0,01 mg/kg a leagadh síos in Airteagal 18(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) I gcás na haimeatochtraidine, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([2]), chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairim réasúnaithe isteach maidir leis na MRLanna atá ann cheana. Mhol sé na MRLanna a laghdú i gcás piobar. I gcás táirgí eile, mhol sé na MRLanna atá ann cheana a ardú nó iad a choinneáil. Ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás. Maidir leis na MRLanna a bhaineann le hoinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil, eorna, coirce, seagal, cruithneacht, leannlusanna, mucra (matán, saill, ae, duán), bó-ainmhithe (matán, saill, ae, duán, bainne), caoirigh (matán, saill, ae, duán, bainne), gabhair (matán, saill, ae, duán, bainne), eachaí (matán, saill, ae, duán, bainne), éanlaith chlóis (matán, saill, ae, duán), agus uibheacha éan, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh roinnt faisnéise ann fúthu nach raibh ar fáil, agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do na tomhaltóirí, ba cheart na MRLanna a leagan in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás. Déanfar athbhreithniú ar na MRLanna sin; an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 2 bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo, sin í an fhaisnéis a chuirfear san áireamh san athbhreithniú.

(3) I gcás na bicsifeine, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([3]), chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach maidir leis na MRLanna atá ann cheana. Mhol sé na MRLanna a laghdú le haghaidh rois lín, síolta mustaird, eorna agus coirce. I gcás táirgí eile, mhol sé na MRLanna atá ann cheana a ardú nó iad a choinneáil. Ar bhonn na staidéar ar bharra uainíochta agus é san áireamh go mbeidh iarmhair á sú ag barra i ndiaidh a chéile, rud nach bhfuil neart air, díorthaíodh MRLanna sonracha inar cuireadh san áireamh go súnn na glasraí iarmhair ón ithir i gcás meacain bhiatais, meacain dhearga, soiliriac/soilire tornapa, meacain ragaim, bliosáin ghréine, meacain bhána, fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg, raidisí, salsaibh, svaeideanna, tornapaí, insiltí luibhe ó fhréamhacha, ó fhréamhacha biatas siúcra, agus ó fhréamhacha siocair. Ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás.

(4) I gcás na feanascuine, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([4]), chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach maidir leis na MRLanna atá ann cheana. Mhol sé na MRLanna a laghdú i gcás cúcamar, mealbhacán agus mealbhacáin uisce. I gcás táirgí eile, mhol sé na MRLanna atá ann cheana a ardú nó iad a choinneáil. Maidir leis na MRLanna a bhaineann le torthaí citris, torthaí póma, sútha talún, trátaí agus taenna,

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for ametoctradin according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh na haimeatochtraidine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2020; 18(1): 5990.

([3]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for bixafen according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh na bicsifeine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2020; 18(1): 5998.

([4]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for fenazaquin according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh na feanascuine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2020; 18(1): 5955.

tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh roinnt faisnéise ann fúthu nach raibh ar fáil, agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do na tomhaltóirí, ba cheart na MRLanna a leagan in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás. Déanfar athbhreithniú ar na MRLanna sin; cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 2 bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo.

(5) I gcás an spineatoram, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([5]), chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach maidir leis na MRLanna atá ann cheana. Tá sé beartaithe an sainmhíniú ar iarmhar a athrú. Mhol sé na MRLanna a laghdú le haghaidh oráistí, mandairíní, plumaí, lítsíonna, mangónna, prátaí, oinniún, trátaí, piobair, ubhthorthaí, cúcamar, gircíní, cúirséad, mealbhacán, puimcíní, mealbhacán uisce, arbhar milis, brocailí, cóilise, bhachlóga na Bruiséile, cabáistí cinn, leitísí, spionáistí, pónairí (a bhfuil faighneoga acu), cainneann agus fréamhacha biatas siúcra. I gcás táirgí eile, mhol sé na MRLanna atá ann cheana a ardú nó iad a choinneáil. Ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás. Agus faisnéis bhreise á cur san áireamh maidir leis an dea-chleachtas talmhaíochta atá curtha ar fáil ag an mBeilg agus ós rud é nach bhfuil aon bhaol ann do na tomhaltóirí, ba cheart an MRL le haghaidh biolair agus eascróga agus péacáin eile agus le haghaidh biolair thalún a leagan síos ag an leibhéal atá ann faoi láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Maidir leis na MRLanna a bhaineann le cnónna crann, torthaí póma, aibreoga, fíonchaora boird agus fíniúnacha coiteanna, sméara dubha, eithreoga, mónóga, spíonáin (iad glas, dearg agus buí), mogóirí róis, maoildearga (iad dubh agus bán), torthaí ón sceach gheal asaróil, caora troim, ológa boird, pónairí soighe, síolta cadáis, ológa le haghaidh táirgeadh ola, arbhar Indiach/arbhar, rís, bó-ainmhithe (saill, ae, duán), eachaí (saill, ae, duán), éanlaith chlóis (saill, ae, duán) agus uibheacha éan, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh roinnt faisnéise ann fúthu nach raibh ar fáil, agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart na MRLanna a leagan in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás. Déanfar athbhreithniú ar na MRLanna sin; cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 2 bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo.

(6) I gcás na teafluitrine, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([6]), chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach maidir leis na MRLanna atá ann cheana. Moltar na MRLanna a laghdú le haghaidh shreabháin na Beilge agus fréamhacha siocaire. I gcás táirgí eile, mhol sé na MRLanna atá ann cheana a ardú nó a choinneáil. Ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás. Maidir leis na MRLanna a bhaineann le soiliriac/soilire tornapa, svaeideanna, tornapaí, trátaí, ubhthorthaí, mealbhacán, mealbhacán uisce, arbhar milis, ceathrúna uain, biolair agus eascróga agus péacáin eile, biolair thalún, roicéad Rómánach/rucola, mustard dearg, barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí), soilire, finéal Fhlórans, biabhóg, síolta lus na gréine, síolta ráibe, pónairí soighe, síolta cadáis, eorna, arbhar Indiach/arbhar, muiléad coiteann, coirce, seagal, sorgam, cruithneacht, éanlaith chlóis (matán, saill, ae, duán, scairteach inite), agus uibheacha éan, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh roinnt faisnéise ann fúthu nach raibh ar fáil, agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do na tomhaltóirí, ba cheart na MRLanna a leagan in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás. Déanfar athbhreithniú ar na MRLanna sin; cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 2 bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo.

(7) I gcás na tíoncarbasón-mheitile, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([7]), chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach faoi na MRLanna atá ann cheana. Mhol sé MRLanna a leagan síos ag an Teorainn Chinnidh ("LOD"). Ba cheart na MRLanna sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(8) Cuireadh uasteorainneacha iarmhar reatha Codex ("CXLanna") san áireamh i dtuairimí réasúnaithe an Údaráis. CXLanna atá sábháilte do thomhaltóirí an Aontais, is iad a rinneadh a mheas chun MRL a leagan síos.

([5]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for spinetoram according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh an spineatoram de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2020; 18(3): 5997.

([6]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for tefluthrin according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh na teafluitrine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2020; 18(1): 5995.

([7]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the Review of the existing maximum residue levels for thiencarbazone-methyl according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an Athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh na tíoncarbasón-mheitile de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2020; 18(1): 5957.

(9) A mhéid a bhaineann le táirgí nach n-údaraítear a n-úsáid i leith táirgí cosanta plandaí, agus nach bhfuil aon lamháltas i dtaca le hallmhairiú ná CXLanna ann ina leith, ba cheart MRLanna a leagan síos ag LOD shonrach nó ag MRL réamhshocraithe, dá bhforáiltear in Airteagal 18(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(10) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá atá le LODanna áirithe a oiriúnú. Ba é conclúid na saotharlanna gur gá LODanna sonracha a leagan síos maidir le forbairt theicniúil tráchtearraí áirithe a mhéid a bhaineann le roinnt substaintí lena mbaineann an Rialachán seo.

(11) Ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe ón Údarás agus na tosca ábhartha a bhaineann leis an ábhar atá á meas á gcur san áireamh, comhlíonann na modhnuithe iomchuí ar na MRLanna na ceanglais atá in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(12) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir le MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a gcuid tuairimí san áireamh.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(14) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, ba chóir go bhforálfaí leis an Rialachán seo do shocrú idirthréimhseach i gcás táirgí a táirgeadh sular mhodhnaíodh na MRLanna, táirgí a léiríonn an fhaisnéis ina leith go gcoinníonn siad leibhéal ard cosanta le haghaidh an tomhaltóra.

(15) Ba cheart tréimhse réasúnta a cheadú sula dtagann na MRLanna modhnaithe i bhfeidhm ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leanfaidh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo agus beidh feidhm aige maidir le táirgí a táirgeadh san Aontas nó a allmhairíodh isteach san Aontas roimh an 27 Iúil 2021.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 27 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear isteach na colúin seo a leanas le haghaidh na haimeatochtraidine, na bicsifeine, na feanascuine, an spineatoram, na teafluitrine agus na tíoncarbasón-mheitile:

"Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a]	Aimeatochtraidin (R) (F)	Bicsifein (R) (F)	Feanascuin (F)	Spineatoram (suim de spineatoram-J agus spineatoram-L) (F) (A)	Teafluitrin (teafluitrin lena n-áirítearmeascáin eile d'isiméirí comhábhartha (suim d'isiméirí) (F)	Tíoncarbasón-mheitil
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**		**0,01** (*)			**0,01** (*)	**0,01** (*)
0110000	**Torthaí citris**	**0,01** (*)		**0,3**			
0110010	Seadóga			(+)	**0,02** (*)		
0110020	Oráistí			(+)	**0,07**		
0110030	Líomóidí			(+)	**0,02** (*)		
0110040	Líomaí			(+)	**0,02** (*)		
0110050	Mandairíní			(+)	**0,15**		
0110990	Eile (2)				**0,02** (*)		
0120000	**Cnónna crann**	**0,01** (*)			**0,02** (*)		
0120010	Almóinní			**0,02**	(+)		
0120020	Cnónna Brasaíleacha			**0,01** (*)	(+)		
0120030	Cnónna caisiú			**0,01** (*)	(+)		
0120040	Castáin			**0,01** (*)	(+)		
0120050	Cnónna cócó			**0,01** (*)	(+)		
0120060	Cnónna coill			**0,01** (*)	(+)		
0120070	Macadaimia			**0,01** (*)	(+)		
0120080	Cnónna peacáin			**0,01** (*)	(+)		
0120090	Eithní cnónna péine			**0,01** (*)	(+)		
0120100	Cnónna pistéise			**0,01** (*)	(+)		
0120110	Gallchnónna			**0,01** (*)	(+)		
0120990	Eile (2)			**0,01** (*)			
0130000	**Torthaí póma**	**0,01** (*)		**0,15**	**0,15**		
0130010	Úlla			(+)	(+)		
0130020	Piorraí			(+)	(+)		
0130030	Cainchí			(+)	(+)		
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach			(+)	(+)		
0130050	Locuatanna			(+)	(+)		
0130990	Eile (2)						
0140000	**Torthaí cloiche**	**0,01** (*)		**0,01** (*)			
0140010	Aibreoga				**0,2**(+)		
0140020	Silíní (iad milis)				**2**		

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
0140030	Péitseoga				**0,3**		
0140040	Plumaí				**0,02** (*)		
0140990	Eile (2)				**0,02** (*)		
0150000	**Caora agus torthaí beaga**						
0151000	(a) **fíonchaora**	**6**		**0,01** (*)	**0,4**		
0151010	Fíonchaora boird				**(+)**		
0151020	Fíniúnacha coiteanna				**(+)**		
0152000	(b) **sútha talún**	**0,01** (*)		**0,4(+)**	**0,2**		
0153000	(c) **torthaí cána**	**0,01** (*)		**0,01** (*)	**1**		
0153010	Sméara dubha				**(+)**		
0153020	Eithreoga				**(+)**		
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)						
0153990	Eile (2)						
0154000	(d) **torthaí beaga eile agus caora eile**	**0,01** (*)		**0,01** (*)			
0154010	Fraocháin				**0,4**		
0154020	Mónóga				**0,4(+)**		
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)				**0,5**		
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)				**0,4(+)**		
0154050	Mogóirí róis				**0,4(+)**		
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)				**0,4(+)**		
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil				**0,4(+)**		
0154080	Caora troim				**0,4(+)**		
0154990	Eile (2)				**0,4**		
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**	**0,01** (*)		**0,01** (*)			
0161000	(a) **craiceann inite**						
0161010	Dátaí				**0,02** (*)		
0161020	Figí				**0,02** (*)		
0161030	Ológa boird				**0,07(+)**		
0161040	Cumcuait				**0,02** (*)		
0161050	Torthaí réaltúla				**0,02** (*)		
0161060	Dátphlumaí Seapánacha				**0,02** (*)		
0161070	Plumaí láva				**0,02** (*)		
0161990	Eile (2)				**0,02** (*)		
0162000	(b) **craiceann do-ite, é beag**						
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)				**0,02** (*)		
0162020	Lítsíonna				**0,015**		
0162030	Páiseoga				**0,4**		
0162040	Piorraí deilgneacha				**0,02** (*)		
0162050	Réalt-úlla				**0,02** (*)		
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha				**0,02** (*)		
0162990	Eile (2)				**0,02** (*)		

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
0163000	(c) **craiceann do-ite, é mór**				**0,02** (*)		
0163010	Abhacáid						
0163020	Bananaí						
0163030	Mangónna						
0163040	Papánna						
0163050	Pomagránaití						
0163060	Céiriomoighe						
0163070	Guábhaí						
0163080	Anainn						
0163090	Torthaí aráin						
0163100	Duraígh						
0163110	Úlla deilgneacha						
0163990	Eile (2)						
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**						
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**			**0,01** (*)	**0,02** (*)		**0,01** (*)
0211000	(a) **prátaí**	**0,05**	**0,01** (*)			**0,01** (*)	
0212000	(b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**	**0,05**	**0,01** (*)			**0,01** (*)	
0212010	Casabhaigh						
0212020	Prátaí milse						
0212030	Ionaim						
0212040	Ararút						
0212990	Eile (2)						
0213000	(c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**	**0,01** (*)	**0,09**				
0213010	Meacain bhiatais		**(+)**			**0,08**	
0213020	Meacain dhearga		**(+)**			**0,08**	
0213030	Soiliriac/soilire tornapa		**(+)**			**0,08(+)**	
0213040	Meacain ragaim		**(+)**			**0,01** (*)	
0213050	Bliosáin ghréine		**(+)**			**0,01** (*)	
0213060	Meacain bhána		**(+)**			**0,01** (*)	
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg		**(+)**			**0,01** (*)	
0213080	Raidisí		**(+)**			**0,1(+)**	
0213090	Salsabh		**(+)**			**0,01** (*)	
0213100	Svaeideanna		**(+)**			**0,08(+)**	
0213110	Tornapaí		**(+)**			**0,08(+)**	
0213990	Eile (2)					**0,01** (*)	
0220000	**Glasraí bleibíní**		**0,01** (*)	**0,01** (*)			**0,01** (*)
0220010	Gairleog	**1,5**			**0,02** (*)	**0,07**	
0220020	Oinniúin	**1,5**			**0,02** (*)	**0,07**	
0220030	Seallóidí	**1,5**			**0,02** (*)	**0,5**	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	**20(+)**			**0,8**	**0,01** (*)	
0220990	Eile (2)	**0,01** (*)			**0,02** (*)	**0,01** (*)	
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**		**0,01** (*)			**0,01** (*)	**0,01** (*)
0231000	(a) **Solanaceae agus Malvaceae**						
0231010	Trátaí	**2**		**0,05(+)**	**0,06**	**(+)**	
0231020	Piobair	**1,5**		**0,01** (*)	**0,4**		
0231030	Ubhthorthaí	**2**		**0,01** (*)	**0,05**	**(+)**	
0231040	Ocra	**1,5**		**0,01** (*)	**0,02** (*)		
0231990	Eile (2)	**1,5**		**0,01** (*)	**0,02** (*)		
0232000	(b) **guird a bhfuil craiceann inite acu**				**0,06**		
0232010	Cúcamair	**2**		**0,15**			
0232020	Gircíní	**3**		**0,01** (*)			
0232030	Cúirséid	**3**		**0,01** (*)			
0232990	Eile (2)	**3**		**0,01** (*)			
0233000	(c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu**	**3**			**0,03**		
0233010	Mealbhacáin			**0,07**		**(+)**	
0233020	Puimcíní			**0,01** (*)			
0233030	Mealbhacáin uisce			**0,07**		**(+)**	
0233990	Eile (2)			**0,01** (*)			
0234000	(d) **arbhar milis**	**0,01** (*)		**0,01** (*)	**0,02** (*)	**(+)**	
0239000	(e) **glasraí eile a thugann torthaí**	**0,01** (*)		**0,01** (*)	**0,02** (*)		
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**		**0,01** (*)	**0,01** (*)	**0,02** (*)	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0241000	(a) **praiseach bhlátha**	**9**					
0241010	Brocailí						
0241020	Cóilis						
0241990	Eile (2)						
0242000	(b) **praiseach chinn**						
0242010	Bachlóga Bruiséile	**9**					
0242020	Cabáistí cinn	**15**					
0242990	Eile (2)	**0,01** (*)					
0243000	(c) **praiseach dhuilleach**						
0243010	Cabáistí Síneacha	**60**					
0243020	Cáil	**50**					
0243990	Eile (2)	**0,01** (*)					
0244000	(d) **cálráibí**	**9**					
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**						
0251000	(a) **leitísí agus plandaí sailéid**		**0,01** (*)	**0,01** (*)			**0,01** (*)
0251010	Ceathrúna uain	**70**			**4**	**0,09(+)**	
0251020	Leitísí	**50**			**1,5**	**0,01** (*)	
0251030	Searbháin muc	**50**			**0,02** (*)	**0,01** (*)	
0251040	Biolair agus eascróga agus péacáin eile	**50**			**4**	**0,09(+)**	
0251050	Biolair thalún	**50**			**4**	**0,09(+)**	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
0251060	Roicéad Rómánach/rucola	**50**			**4**	**0,09**(+)	
0251070	Mustard dearg	**50**			**4**	**0,09**(+)	
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	**50**			**4**	**0,09**(+)	
0251990	Eile (2)	**0,01** (*)			**0,02** (*)	**0,01** (*)	
0252000	(b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla**	**60**	**0,01** (*)	**0,01** (*)		**0,01** (*)	**0,01** (*)
0252010	Spionáistí				**0,9**		
0252020	Puirsleáin				**1,5**		
0252030	Seardas/duilleoga biatais				**1,5**		
0252990	Eile (2)				**0,02** (*)		
0253000	(c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	**50**	**0,01** (*)	**0,01** (*)	**0,02** (*)	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0254000	(d) **biolair uisce**	**50**	**0,01** (*)	**0,01** (*)	**0,02** (*)	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0255000	(e) **sreabháin na Beilge**	**0,01** (*)	**0,01** (*)	**0,01** (*)	**0,02** (*)	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0256000	(f) **luibheanna agus bláthanna inite**		**0,02** (*)	**0,02** (*)	**4**	**0,02** (*)	**0,02** (*)
0256010	Costóg	**50**					
0256020	Síobhas	**40**					
0256030	Duilleoga soilire	**40**					
0256040	Peirsil	**40**					
0256050	Sáiste	**40**					
0256060	Marós	**40**					
0256070	Tím	**40**					
0256080	Basal agus bláthanna inite	**40**					
0256090	Duilleog labhrais	**40**					
0256100	Dragan	**40**					
0256990	Eile (2)	**40**					
0260000	**Léagúim**	**0,01** (*)	**0,01** (*)	**0,01** (*)		**0,01** (*)	**0,01** (*)
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)				**0,05**		
0260020	Pónairí (gan faighneoga)				**0,02** (*)		
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)				**0,02** (*)		
0260040	Piseanna (gan faighneoga)				**0,02** (*)		
0260050	Lintilí				**0,02** (*)		
0260990	Eile (2)				**0,02** (*)		
0270000	**Glasraí gais**		**0,01** (*)	**0,01** (*)		**0,01** (*)	**0,01** (*)
0270010	Lus súgach	**0,01** (*)			**0,02** (*)		
0270020	Cardúin	**0,01** (*)			**0,02** (*)		
0270030	Soilirí	**20**			**0,02** (*)	(+)	
0270040	Finéal Fhlórans	**20**			**0,02** (*)	(+)	
0270050	Bliosáin chruinne	**0,01** (*)			**0,02** (*)		

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
0270060	Cainneanna	**5**			**0,05**		
0270070	Biabhóg	**0,01** (*)			**0,02** (*)	**(+)**	
0270080	Péacáin bhambú	**0,01** (*)			**0,02** (*)		
0270090	Croíthe pailme	**0,01** (*)			**0,02** (*)		
0270990	Eile (2)	**0,01** (*)			**0,02** (*)		
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**	**0,01** (*)	**0,01** (*)	**0,01** (*)	**0,02** (*)	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0280010	Fungais shaothraithe						
0280020	Fungais fhiáine						
0280990	Caonaigh agus léicin						
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	**0,01** (*)	**0,01** (*)	**0,01** (*)	**0,02** (*)	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0300000	**PISEÁNAIGH**	**0,01** (*)	**0,01** (*)	**0,01** (*)	**0,02** (*)	**0,01** (*)	**0,01** (*)
0300010	Pónairí						
0300020	Lintilí						
0300030	Piseanna						
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní						
0300990	Eile (2)						
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**	**0,01** (*)		**0,01** (*)		**0,01** (*)	**0,01** (*)
0401000	**Olashíolta**				**0,02** (*)		
0401010	Ros lín		**0,05**				
0401020	Piseanna talún		**0,01** (*)				
0401030	Síolta poipín		**0,01** (*)				
0401040	Síolta seasamain		**0,01** (*)				
0401050	Síolta lus na gréine		**0,01** (*)			**(+)**	
0401060	Síolta ráibe		**0,08**			**(+)**	
0401070	Pónairí soighe		**0,01** (*)		**(+)**	**(+)**	
0401080	Síolta mustaird		**0,05**				
0401090	Síolta cadáis		**0,01** (*)		**(+)**	**(+)**	
0401100	Síolta puimcín		**0,01** (*)				
0401110	Síolta cróch bréige		**0,01** (*)				
0401120	Síolta borráiste		**0,01** (*)				
0401130	Caimilín		**0,01** (*)				
0401140	Síolta cnáibe		**0,01** (*)				
0401150	Pónairí ricne		**0,01** (*)				
0401990	Eile (2)		**0,01** (*)				
0402000	**Olathorthaí**		**0,01** (*)				
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola				**0,06(+)**		
0402020	Eithní pailme ola				**0,02** (*)		
0402030	Torthaí pailme oila				**0,02** (*)		
0402040	Capac				**0,02** (*)		
0402990	Eile (2)				**0,02** (*)		
0500000	**GRÁNAIGH**	**0,01** (*)		**0,01** (*)	**0,02** (*)		**0,01** (*)
0500010	Eorna	**(+)**	**0,4**			**0,02(+)**	
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile		**0,01** (*)			**0,01** (*)	
0500030	Arbhar Indiach/arbhar		**0,01** (*)		**(+)**	**0,02(+)**	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
0500040	Muiléad coiteann		**0,01** (*)			**0,02**(+)	
0500050	Coirce	(+)	**0,4**			**0,02**(+)	
0500060	Rís		**0,01** (*)		(+)	**0,01** (*)	
0500070	Seagal	(+)	**0,05**			**0,02**(+)	
0500080	Sorgam		**0,01** (*)			**0,02**(+)	
0500090	Cruithneacht	(+)	**0,05**			**0,02**(+)	
0500990	Eile (2)		**0,01** (*)			**0,01** (*)	
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**	**0,05** (*)			**0,1** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0610000	**Taenna**		**0,05** (*)	**9**(+)			
0620000	**Pónairí caife**		**0,05** (*)	**0,05** (*)			
0630000	**Insiltí luibhe ó**			**0,05** (*)			
0631000	(a) **bláthanna**		**0,05** (*)				
0631010	Camán meall						
0631020	Roiseog						
0631030	Rós						
0631040	Seasmain						
0631050	Teile						
0631990	Eile (2)						
0632000	(b) **duilleoga agus luibheanna**		**0,05** (*)				
0632010	Sú talún						
0632020	Rooibos						
0632030	Maité						
0632990	Eile (2)						
0633000	(c) **fréamhacha**		**0,9**				
0633010	Caorthann corraigh		(+)				
0633020	Ginsing		(+)				
0633990	Eile (2)						
0639000	(d) **aon chuid eile den phlanda**		**0,05** (*)				
0640000	**Pónairí cócó**		**0,05** (*)	**0,05** (*)			
0650000	**Carúib**		**0,05** (*)	**0,05** (*)			
0700000	**LEANNLUSANNA**	**90**(+)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,1** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0800000	**SPÍOSRAÍ**						
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,1** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0810010	Ainís						
0810020	Calaindí						
0810030	Soilire						
0810040	Lus an choire						

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
0810050	Cuimín						
0810060	Lus mín						
0810070	Finéal						
0810080	Feinigréag						
0810090	Noitmig						
0810990	Eile (2)						
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,1** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó						
0820020	Piobar Szechuan						
0820030	Cearbhas						
0820040	Cardamam						
0820050	Caor aitil						
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)						
0820070	Fanaile						
0820080	Tamarain						
0820990	Eile (2)						
0830000	**Spíosraí ó choirt**	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,1** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0830010	Cainéal						
0830990	Eile (2)						
0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**						
0840010	Liocras	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,1** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0840020	Sinséar (10)						
0840030	Tuirmiric/curcuma	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,1** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0840040	Meacain ragaim (11)						
0840990	Eile (2)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,1** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,1** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0850010	Clóibh						
0850020	Caprais						
0850990	Eile (2)						
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,1** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0860010	Cróch						
0860990	Eile (2)						
0870000	**Spíosraí arail**	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,1** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)
0870010	Maicis						
0870990	Eile (2)						
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**	**0,01** (*)		**0,01** (*)	**0,02** (*)		**0,01** (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra		**0,09(+)**			**0,08**	
0900020	Cánaí siúcra		**0,01** (*)			**0,01** (*)	
0900030	Fréamhacha siocaire		**0,09(+)**			**0,02**	
0900990	Eile (2)		**0,01** (*)			**0,01** (*)	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
1000000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**						
1010000	**Tráchtearraí ó**			**0,01** (*)	**0,02** (*)		**0,01** (*)
1011000	(a) **mucra**	**0,03** (*)					
1011010	Matán	**(+)**	**0,8**			**0,01**	
1011020	Saill	**(+)**	**2**			**0,01**	
1011030	An t-ae	**(+)**	**4**			**0,01**	
1011040	An duán	**(+)**	**4**			**0,01**	
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		**4**			**0,01**	
1011990	Eile (2)		**0,02** (*)			**0,01**	
1012000	(b) **bó-ainmhí**						
1012010	Matán	**0,03** (*)**(+)**	**0,8**			**0,01**	
1012020	Saill	**0,03** (*)**(+)**	**2**		**(+)**	**0,01**	
1012030	An t-ae	**0,04(+)**	**4**		**(+)**	**0,01**	
1012040	An duán	**0,03** (*)**(+)**	**4**		**(+)**	**0,01**	
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	**0,03** (*)	**4**			**0,01**	
1012990	Eile (2)	**0,03** (*)	**0,02** (*)			**0,01**	
1013000	(c) **caoraigh**	**0,03** (*)					
1013010	Matán	**(+)**	**0,8**			**0,015**	
1013020	Saill	**(+)**	**2**			**0,02**	
1013030	An t-ae	**(+)**	**4**			**0,02**	
1013040	An duán	**(+)**	**4**			**0,01**	
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		**4**			**0,01**	
1013990	Eile (2)		**0,02** (*)			**0,01**	
1014000	d) **gabhar**	**0,03** (*)					
1014010	Matán	**(+)**	**0,8**			**0,015**	
1014020	Saill	**(+)**	**2**			**0,02**	
1014030	An t-ae	**(+)**	**4**			**0,02**	
1014040	An duán	**(+)**	**4**			**0,01**	
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		**4**			**0,01**	
1014990	Eile (2)		**0,02** (*)			**0,01**	
1015000	(e) **eachaí**						
1015010	Matán	**0,03** (*)**(+)**	**0,8**			**0,01**	
1015020	Saill	**0,03** (*)**(+)**	**2**		**(+)**	**0,01**	
1015030	An t-ae	**0,04(+)**	**4**		**(+)**	**0,01**	
1015040	An duán	**0,03** (*)**(+)**	**4**		**(+)**	**0,01**	
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	**0,03** (*)	**4**			**0,01**	
1015990	Eile (2)	**0,03** (*)	**0,02** (*)			**0,01**	
1016000	(f) **éanlaith chlóis**	**0,03** (*)					
1016010	Matán	**(+)**	**0,02** (*)			**0,05(+)**	
1016020	Saill	**(+)**	**0,05**		**(+)**	**0,05(+)**	
1016030	An t-ae	**(+)**	**0,05**		**(+)**	**0,05(+)**	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
1016040	An duán	**(+)**	**0,02** (*)			**0,05(+)**	
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		**0,05**			**0,05(+)**	
1016990	Eile (2)		**0,02** (*)			**0,01**	
1017000	(g) **ainmhithe talún feirme eile**	**0,03** (*)					
1017010	Matán		**0,8**			**0,01**	
1017020	Saill		**2**			**0,01**	
1017030	An t-ae		**4**			**0,01**	
1017040	An duán		**4**			**0,01**	
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		**4**			**0,01**	
1017990	Eile (2)		**0,02** (*)			**0,01**	
1020000	**Bainne**	**0,03** (*)	**0,2**	**0,01** (*)	**0,02** (*)		**0,01** (*)
1020010	Eallach	**(+)**				**0,01**	
1020020	Caoirigh	**(+)**				**0,01**	
1020030	Gabhar	**(+)**				**0,01**	
1020040	Capall	**(+)**				**0,01**	
1020990	Eile (2)					**0,01**	
1030000	**Uibheacha éan**	**0,03** (*)	**0,05**	**0,01** (*)	**0,02** (*)	**0,05**	**0,01** (*)
1030010	An chearc	**(+)**			**(+)**	**(+)**	
1030020	Lacha	**(+)**			**(+)**	**(+)**	
1030030	Géanna	**(+)**			**(+)**	**(+)**	
1030040	Gearg	**(+)**			**(+)**	**(+)**	
1030990	Eile (2)						
1040000	**Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)**	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)	**0,05** (*)
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	**0,03** (*)	**0,02** (*)	**0,01** (*)	**0,02** (*)	**0,01**	**0,01** (*)
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	**0,03** (*)	**0,02** (*)	**0,01** (*)	**0,02** (*)	**0,01**	**0,01** (*)
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	**0,03** (*)	**0,02** (*)	**0,01** (*)	**0,02** (*)	**0,01**	**0,01** (*)
1100000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)**						
1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**						
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**						

(*) Léiríonn an (*) teorainn cinnidh anailísigh níos ísle

(8) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

Aimeatochtraidin (R) (F)

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás an chomhcheangail códuimhreacha lotnaidicídí seo a leanas: Aimeatochtraidin - cóid 1000000 seachas 1040000: Aimeatochtraidin, an mheitibilít aigéad bútánóch 4-(7-aimín-5-eitil[1,2,4]trí-asóla[1,5-a]pirimidin-6-il) (M650F01) agus an mheitibilít aigéad heacsánóch 6-(7-aimín-5-eitil[1,2,4]trí-asóla[1,5-a]pirimidin-6-il) (M650F06), arna sloinneadh mar aimeatochtraidin

(F) Intuaslagtha i saill

Tá roinnt faisnéise faoi iarmhair i mbarra uainíochta sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0500070 Seagal

Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíse sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0700000 LEANNLUSANNA

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0220040 Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil

Tá roinnt faisnéise faoi iarmhair i mbarra uainíochta sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0500010 Eorna

0500050 Coirce

0500090 Cruithneacht

Tá roinnt faisnéise faoi chobhsaíocht stórála agus faoi staidéir bheathaithe sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

1012010 Matán

1012020 Saill

1012030 An t-ae

1012040 An duán

1015010 Matán

1015020 Saill

1015030 An t-ae

1015040 An duán

Tá roinnt faisnéise faoi chobhsaíocht stórála sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

1011010 Matán

1011020 Saill

1011030 An t-ae

1011040 An duán

1013010 Matán

1013020 Saill

1013030 An t-ae

1013040 An duán

1014010 Matán

1014020 Saill

1014030 An t-ae

1014040 An duán

1016010 Matán

1016020 Saill

1016030 An t-ae

1016040 An duán

1020010 Eallach

1020020 Caoraigh

1020030 Gabhar

1020040 Capall

1030010 An chearc

1030020 Lacha

1030030 Géanna

1030040 Gearg

Bicsifein (R) (F)

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás an chomhcheangail códuimhreacha lotnaidicídí seo a leanas: Bicsifein- cóid 1000000 seachas 1040000: suim de bhicsifein agus bicsifein deismeitile arna sloinneadh mar bhicsifein

(F) Intuaslagtha i saill

MRL arna dhíorthú ó bharra uainíochta.

0213010 Meacain bhiatais

0213020 Meacain dhearga

0213030 Soiliriac/soilire tornapa

0213040 Meacain ragaim

0213050 Bliosáin ghréine

0213060 Meacain bhána

0213070 Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg

0213080 Raidisí

0213090 Salsabh

0213100 Svaeideanna

0213110 Tornapaí

0633010 Caorthann corraigh

0633020 Ginsing

0900010 Fréamhacha biatas siúcra

0900030 Fréamhacha siocaire

Feanascuin (F)

(F) Intuaslagtha i saill

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar lena ndéantar anailís ar eatánól 2-(4-treas-búitilfeinil) agus faisnéis faoi mhodhanna anailíse sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0610000 Taenna

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh

0130010 Úlla

0130020 Piorraí

0130030 Cainchí

0130040 Torthaí ón meispeal Gearmánach

0130050 Locuatanna

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0110010 Seadóga

0110020 Oráistí

0110030 Líomóidí

0110040 Líomaí

0110050 Mandairíní

0152000 (b) sútha talún

0231010 Trátaí

Spineatoram (suim de spineatoram-J agus spineatoram-L) (F) (A)

(F) Intuaslagtha i saill

(A) Tá an caighdeán tagartha le haghaidh **spineatoram-J agus spineatoram-L** sainaitheanta ag saotharlanna tagartha an Aontais mar rud nach bhfuil ar fáil ó thaobh tráchtála de. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh infhaighteacht tráchtála an chaighdeáin tagartha dá dtagraítear sa chéad abairt faoin 7 Iúil 2022, nó más rud é nach bhfuil an caighdeán tagartha ar fáil ó thaobh tráchtála de faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa infhaighteachta sin san áireamh.

Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíse sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0120010 Almóinní

0120020 Cnónna Brasaíleacha

0120030 Cnónna caisiú

0120040 Castáin

0120050 Cnónna cócó

0120060 Cnónna coill

0120070 Macadaimia

0120080 Cnónna peacáin

0120090 Eithní cnónna péine

0120100 Cnónna pistéise

0120110 Gallchnónna

0161030 Ológa boird

0401070 Pónairí soighe

0401090 Síolta cadáis

0402010 Ológa le haghaidh táirgeadh ola

0500030 Arbhar Indiach/arbhar

0500060 Rís

1012020 Saill

1012030 An t-ae

1012040 An duán

1015020 Saill

1015030 An t-ae

1015040 An duán

1016020 Saill

1016030 An t-ae

1030010 An chearc

1030020 Lacha

1030030 Géanna

1030040 Gearg

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0130010 Úlla

0130020 Piorraí

0130030 Cainchí

0130040 Torthaí ón meispeal Gearmánach

0130050 Locuatanna

0140010 Aibreoga

0151010 Fíonchaora boird

0151020 Fíniúnacha coiteanna

0153010 Sméara dubh

0153020 Eithreoga

0154020 Mónóga

0154040 Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)

0154050 Mogóirí róis

0154060 Maoildearga (iad dubh agus bán)

0154070 Torthaí ón sceach gheal asaróil

0154080 Caora troim

Teafluitrin (teafluitrin lena n-áirítearmeascáin eile d'isiméirí comhábhartha (suim d'isiméirí)) (F)

(F) Intuaslagtha i saill

Tá roinnt faisnéise faoi mheitibileacht sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

1016020 Saill

Tá roinnt faisnéise faoi mheitibileacht sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

1030020 Lacha

Tá roinnt faisnéise faoi mheitibileacht sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

1016010 Matán

1016030 An t-ae

1016040 An duán

1016050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)

Tá roinnt faisnéise faoi mheitibileacht sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0213080 Raidisí

1030010 An chearc

1030030 Géanna

1030040 Gearg

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0213030 Soiliriac/soilire tornapa

0213100 Svaeideanna

0213110 Tornapaí

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar lena n-áirítear anailísí ar na meitibilítí Ia, IV agus VI, faoi mhodhanna anailíse agus faoi chobhsaíocht stórála sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0270070 Biabhóga

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar lena n-áirítear anailísí ar na meitibilítí Ia, IV agus VI sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0231010 Trátaí

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar lena n-áirítear anailísí ar na meitibilítí Ia, IV agus VI, agus faoi mhodhanna anailíse sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.

0401050 síolta lus na gréine

0401070 Pónairí soighe

	Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar lena n-áirítear anailísí ar na meitibilítí Ia, IV agus VI, agus faoi mhodhanna anailíse sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.
0401060	**Síolta ráibe**
0401090	**Síolta cadáis**
	Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar lena n-áirítear anailísí ar na meitibilítí Ia, IV agus VI sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus an MRL á athbhreithniú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad abairt, más rud é gur cuireadh faoina bhráid í faoin 7 Iúil 2023, nó murar cuireadh faoina bhráid í faoin dáta sin, cuirfidh sé an easpa faisnéise sin san áireamh.
0231030	**Ubhthorthaí**
0233010	**Mealbhacáin**
0233030	**Mealbhacáin uisce**
0234000	**(d) arbhar milis**
0251010	**Ceathrúna uain**
0251040	**Biolair agus eascróga agus péacáin eile**
0251050	**Biolair thalún**
0251060	**Roicéad Rómánach/rucola**
0251070	**Mustard dearg**
0251080	**Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)**
0270030	**Soilire**
0270040	**Finéal Fhlórans**
0500010	**Eorna**
0500030	**Arbhar Indiach/arbhar**
0500040	**Muiléad coiteann**
0500050	**Coirce**
0500070	**Seagal**
0500080	**Sorgam**
0500090	**Cruithneacht”**

(2) i gCuid A d’Iarscríbhinn III, scriostar na colúin le haghaidh na haimeatochtraidine, na bicsifeine, na feanascuine, an spineatoram agus na teafluitrine.